



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2025  
(OR. en)

15106/25

---

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2025/0342(NLE)**

---

---

**ECOFIN 1484  
UEM 537  
FIN 1322  
*EIB*  
*ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

---

Ábhar: CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile

---

## **CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta<sup>1</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

<sup>1</sup> IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj>.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I ndiaidh don Iodáil an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur an Iodáil isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme<sup>2</sup> ('an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 19 Meán Fómhair 2023<sup>3</sup>, an 8 Nollaig 2023<sup>4</sup>, an 14 Bealtaine 2024<sup>5</sup>, an 18 Samhain 2024<sup>6</sup> agus an 20 Meitheamh 2025<sup>7</sup>.
- (2) An 10 Deireadh Fómhair 2025 rinne an Iodáil iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ar na forais nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Iodáil.

***Leasuithe ar bhonn Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

- (3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Iodáil isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 174 bheart.

---

<sup>2</sup> Féach doiciméid ST 10160/21; ST 10160/21 ADD 1 REV 2 ag <http://register.consilium.europa.eu>.

<sup>3</sup> ST 12259/23.

<sup>4</sup> ST 16051/23; ST 16051/23 ADD 1; ST 16051/23 ADD 1 REV 1 (ga).

<sup>5</sup> ST 9399/24; ST 9399/24 ADD 1.

<sup>6</sup> ST 15114/24; ST 15114 ADD 1 REV 1.

<sup>7</sup> ST 9587/25; ST 9587/25 ADD 1.

- (4) Mhínigh an Iodáil nach féidir 7 mbeart a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar athruithe ar dhálaí an mhargaidh, lena n-áirítear moilleanna gan choinne ar sholáthar a dhéanann difear do nósanna imeachta soláthair. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: M2C2-25bis, M2C2-25ter, agus M2C2-26 faoi Infheistíocht 4.2 (Mearchórais Olliompair a Fhorbairt), M2C2-29 faoi Infheistíocht 4.3 (Bonneagar athluchtúcháin a shuiteáil); M2C2-35bis faoi Infheistíocht 4.4.2 (An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2; M2C4-29 faoi Infheistíocht 4.1 (Infheistíochtaí i bpríomhbhonneagair uisce ar mhaithe le slándáil an tsoláthair uisce) faoi Mhisean 2, Comhchuid 4; M4C1-30 faoi Athchóiriú 1.7 (Rialáil tithíochta mac léinn a athchóiriú agus infheistíocht i dtithíocht mac léinn) faoi Mhisean 4, Comhchuid 1, M5C1-3, M5C1-4, agus M5C1-5 faoi Athchóiriú 1 (Beartais Ghníomhacha maidir leis an Margadh Saothair agus an Ghairmoiliúint) faoi Mhisean 5, Comhchuid 1; agus M7-31 faoi Infheistíocht 11 (An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch) faoi Mhisean 7. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (5) Tá sé mínithe ag an Iodáil nach féidir 8 mbeart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, de bharr easpa éilimh nó athrú ar an éileamh. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: M1C3-28, M1C3-29, M1C3-32, M1C3-33, agus M1C3-34 faoi Infheistíocht 4.2 (Cistí le haghaidh iomaíochas na bhfiontar turasóireachta) faoi Mhisean 1, Comhchuid 3; M2C1-8 faoi Infheistíocht 2.3 (Nuálaíocht agus meicniú san earnáil talmhaíochta agus san earnáil bhia) faoi Mhisean 2, Comhchuid 1; M2C2-46 agus M2C2-47 faoi Infheistíocht 1.2 (Foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn do phobail fuinnimh agus d'fhéintomhaltóirí fuinnimh inathnuaite a ghníomhaíonn go comhpháirteach); M2C2-53 faoi Infheistíocht 5.2 (Cibearshláid); M2C2-23 faoi Infheistíocht 4.1 (Infheistíocht sa tsoghluaisteacht bhog (Plean Náisiúnta Raon Rothar)) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2; M4C2-3bis faoi Infheistíocht 3.3 (Dámhachtain scoláireachtaí PhD i gcomhar le fiontair agus fostú taighdeoirí ag cuideachtaí a chur chun cinn) faoi Mhisean 4, Comhpháirt 2; M7-41 agus M7-42 faoi Infheistíocht 15 (Transizione 5.0), agus M7-45 faoi Infheistíocht 16 (Tacaíocht do FBManna le haghaidh féintáirgeadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite) faoi Mhisean 7. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (6) Tá mínithe ag an Iodáil go bhfuil 4 bheart ann nach féidir a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, mar gheall ar bhoilsciú ard. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: M5C1-7 agus M5C1-7bis faoi Infheistíocht 1 (Seirbhísí Poiblí Fostaíochta a neartú) faoi Mhisean 5, Comhchuid 1; M5C2-8 faoi Infheistíocht 2 (Patrúin neamhspleáchais do dhaoine faoi mhíchumas); M5C2-10 faoi Infheistíocht 3 (Tús Áite don Tithíocht agus Stáisiúin Phoist); agus M5C2-14, M5C2-16, agus M5C2-18 faoi Infheistíocht 5 (Pleananna Uirbeacha Comhtháite) faoi Mhisean 5, Comhchuid 2. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (7) Mhínigh an Iodáil nach féidir beart amháin a bhaint amach go páirteach a thuilleadh mar gheall ar theagmhais adhaimsire i bhfómhar 2024 a raibh tionchar acu ar atógáil leanúnach i gcúrsaí Emilia Romagna, na Tuscáine, agus Marche, a raibh tionchar ag tuilte i mí na Bealtaine 2023 orthu. Baineann an méid sin le: 2C4-11bis, M2C4-11ter, agus M2C4-13 faoi Infheistíocht 2.1 (Bearta chun riosca tuilte agus an riosca hidreolaíoch a laghdú) faoi Mhisean 2, Comhchuid 4. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (8) Tá mínithe ag an Iodáil go bhfuil 51 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uailmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: M1C1-23, M1C1-144, M1C1-145, M1C1-146, M1C1-148, M1C1-149, M1C1-150, agus M1C1-151 faoi Infheistíocht 1.4 (Seirbhísí digiteacha agus taithí na saoránach); M1C1-27 faoi Infheistíocht 1.3 (Sonraí agus idir-inoibritheacht); M1C1-25, M1C1-152, M1C1-153, M1C1-154, agus M1C1-155 faoi Infheistíocht 1.6 (Claochlú digiteach riarachán lárnach mór); M1C1-59ter, M1C1-62, agus M1C1-63 faoi Athchóiriú 1.9 (Athchóiriú ar an riarachán poiblí); M1C1-72quinquies, M1C1-76, M1C1-77, M1C1-78, M1C1-79, M1C1-80, M1C1-81, M1C1-82, M1C1-83, M1C1-88, M1C1-89, M1C1-90, M1C1-91, M1C1-92, M1C1-93, M1C1-94, agus M1C1-95 faoi Athchóiriú 1.11 (Laghdú a dhéanamh ar íocaíochtaí déanacha ag riaracháin phoiblí agus údaráis sláinte); M1C1-66 agus M1C1-67 faoi Infheistíocht 1.9 (Cúnamh teicniúil a sholáthar agus fothú acmhainneachta a neartú le haghaidh chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile); M1C1-96, M1C1-97, M1C1-97bis, M1C1-98bis, agus M1C1-99bis faoi Athchóiriú 1.10 (Athchóiriú an chreata reachtaigh um sholáthar poiblí); M1C1-116 agus M1C1-121 faoi Athchóiriú 1.12 (Athchóiriú ar an riarachán cánach);

M1C1-117 agus M1C1-118 faoi Athchóiriú 1.15 (Athchóiriú ar na rialacha maidir le cuntasáocht phoiblí); M1C1-119 agus M1C1-120 faoi Athchóiriú 1.14 (Athchóiriú ar an gcreat fioscach fonáisiúnta); M1C1-147 faoi Infheistíocht 1.2 (Cumasú néal le haghaidh Lí áitiúla) faoi Mhisean 1, Comhchuid 1; M1C2-14bis agus M1C2-14ter faoi Athchóiriú 3 (Dreasachtaí gnólachtaí a chuíchóiriú agus a shimpliú); M1C2-17 Infheistíocht 3 (Naise idirlín thapa (Ultra-leathanbhanda agus 5G)); M1C2-23, M1C2-24, agus M1C2-25 faoi Infheistíocht 4 (Teicneolaíocht satailíte agus an Geilleagar spáis) faoi Mhisean 1, Comhchuid 2; M1C3-9bis faoi Infheistíocht 4.1 (Mol digiteach turasóireachta) faoi Mhisean 1, Comhchuid 3; M1C3-16 faoi Infheistíocht 2.1 (Tarraingteacht bailte beaga stairiúla); M1C3-17 faoi Infheistíocht 2.2 (An ailtireacht tuaithe agus an tírdhreach a chosaint agus a fheabhsú); M1C3-18 faoi Infheistíocht 2.3 (Cláir chun céannacht áiteanna a fheabhsú: páirceanna agus gairdíní stairiúla); M1C3-19 faoi Infheistíocht 2.4 (Sábháilteacht sheismeach ionad adhartha, athchóiriú oidhreach FEC agus foscadán le haghaidh saothair ealaíne) faoi Mhisean 1, Comhchuid 3; M2C1-9 faoi Infheistíocht 2.2 (Páirc Agra-ghréine); M2C1-10 Infheistíocht 2.1 (Plean lóistíochta don earnáil agraibhia, don earnáil iascaireachta agus do bharshaothraithe, d'earnáil na foraoiseachta, d'earnáil na bláthadóireachta agus d'earnáil na bplandlann); M2C1-12 faoi Infheistíocht 3.3 (Cultúr agus feasacht ar ábhair agus dúshláin chomhshaoil); M2C1-23 agus M2C1-24 faoi Infheistíocht 3.4 (Fondo Rotativo Contratti di Filiera (FCF) chun tacú le conarthaí slabhra soláthair don earnáil agraibhia, don earnáil iascaireachta agus do bharshaothraithe, d'earnáil na foraoiseachta, d'earnáil na bláthadóireachta agus d'earnáil na bplandlann) faoi Mhisean 2, Comhchuid 1; M2C2-3 agus M2C2-5 faoi Infheistíocht 1.4 (Bithmheatán a fhorbairt, de réir na gcritéar chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn); M2C2-10 agus M2C2-11 faoi Infheistíocht 2.1 (Eangacha cliste a neartú); M2C2-13 faoi Infheistíocht 2.2 (Idirghabhálacha chun athléimneacht na heangaí cumhachta a mhéadú); M2C2-17 faoi Infheistíocht 3.4 (Tástáil hidrigine le haghaidh soghluaisteacht iarnróid);

M2C2-30 faoin Infheistíocht 4.5 (An clár chun na flíteanna feithiclí príobháideacha agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma a athnuachan le feithiclí leictreacha); M2C2-35 agus M2C2-35ter faoi Infheistíocht 4.4.1 (Flít busanna iompair phoiblí réigiúnach a neartú le busanna íseal-urláir astaíochtaí nialasacha); M2C2-36 faoi Infheistíocht 4.4.3 (Flít athnuachana don Cheannas náisiúnta briogáide dóiteáin); M2C2-40 faoi Infheistíocht 5.1 (Tacaíocht don chóras táirgthe don Aistriú Éiceolaíoch, Teicneolaíochtaí Glan-nialasacha, agus iomaíochas agus athléimneacht slabhraí soláthair straitéiseacha); M2C2-45 faoi Infheistíocht 1.1 (Córais agra-voltacha a fhorbairt), faoi Mhisean 2, Comhchuid 2; M2C3-10 faoi Infheistíocht 3.1 (Téamh ceantair éifeachtúil a chur chun cinn) faoi Mhisean 2, Comhchuid 3; M2C4-32 faoi Infheistíocht 4.2 (Caillteanais i ngréasáin dáileacháin uisce a laghdú, lena n-áirítear digitiú agus faireachán a dhéanamh ar ghréasáin) faoi Mhisean 2, Comhchuid 4; M3C1-25 agus M3C1-26, agus M3C1-27 faoi Athchóiriú 1.3 (Éifeachtúlacht an bhonneagair iarnróid a mhéadú san Iodáil) faoi Mhisean 3, Comhchuid 1.; M3C2-5bis faoi Infheistíocht 2.1 (An slabhra lóistíochta a dhigiteáil), faoi Mhisean 3, Comhchuid 2; M4C1-15bis faoi Infheistíocht 1.7 (Scoláireachtaí le haghaidh rochtain ar Ollscoil); M4C1-18 faoi Infheistíocht 1.1 (Plean do naíolanna agus do réamhscoileanna agus do sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige); M4C1-19 faoi Infheistíocht 3.2 (Scoil 4.0: scoileanna nuálacha, sreangú, seomraí ranga agus ceardlanna nua); M4C1-21 faoi Infheistíocht 1.2 (Plean chun síneadh a chur le gníomhaíochtaí lasmuigh de na huaireanta scoile lánaimseartha); M4C1-26 faoi Infheistíocht 3.3 (Slándáil fhoirgnimh scoile agus plean athshlánaithe struchtúraigh) faoi Mhisean 4, Comhchuid 1;

M4C2-13, M4C2-14, M4C2-15, agus M4C2-15bis faoi Infheistíocht 2.3 ( Lárionaid aistriithe teicneolaíochta a neartú agus síneadh earnálach/críche a chur leo trí bhíthin deighleoga tionscail) faoi Mhisean 4, Comhchuid 2; M5C1-15bis agus M5C1-16 faoi Infheistíocht 4 (Státseirbhís Uilíoch) faoi Mhisean 5, Comhchuid 1; M5C1-10 agus M5C1-11 faoi Athchóiriú 2 (Obair Neamhdhearbhaithe); M5C1-15 faoi Infheistíocht 3 (An córas déach a neartú); M5C1-19 faoi Infheistíocht 5 (Fiontair ban a chruthú) faoi Mhisean 5, Comhchuid 1; M5C2-6 faoi Infheistíocht 1 (Tacú le daoine leochaileacha agus institiúidiú a chosc); M5C2-20 faoi Infheistíocht 6 (Clár nuálaíochta do cháilíocht tithíochta) faoi Mhisean 5, Comhchuid 2; M5C3-13 faoi Infheistíocht 1.4 (Infheistíochtaí bonneagair le haghaidh an Limistéir Eacnamaíoch Speisialta) faoi Mhisean 5, Comhchuid 3; M6C1-6 agus M6C1-9 faoi Infheistíocht 1.2 (An Baile mar an chéad áit chúraim agus teilileighis) faoi Mhisean 6, Comhchuid 1; agus M6C2-16 agus M6C2-17 faoi Infheistíocht 2.2 (Scileanna gairmiúla teicniúla, digiteacha agus bainistíochta gairmithe sa chóras cúraim sláinte a fhorbairt) faoi Mhisean 6, Comhchuid 2. Ar an mbonn sin, d'iarr an Iodáil na clocha míle thuasluaite a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (9) Tá mínithe ag an Iodáil go bhfuil 83 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: M1C1-24 agus M1C1-28 faoi Infheistíocht 1.7 (Bunscileanna digiteacha); M1C1-26 faoi Infheistíocht 1.1 (Bonneagar digiteach); M1C1-38bis faoi Athchóiriú 1.8 (Digiú an Cheartais); M1C1-45, M1C1-47, agus M1C1-48 faoi Athchóiriú 1.4 (Athchóiriú ar cheartas sibhialta); M1C1-46 faoi Athchóiriú 1.5 (Athchóiriú ar cheartas coiriúil); an tuairisc ar an mbeart faoi Infheistíocht 1.8 (Nósanna imeachta earcaíochta maidir le cúirteanna riaracháin, coiriúla agus sibhialta); an tuairisc ar an mbeart faoi Athchóiriú 1.13 (Athchóiriú ar an gcreat athbhreithnithe caiteachais) faoi Mhisean 1, Comhchuid 1; M1C2-3 faoi Infheistíocht 1 (Aistriú 4.0); M1C2-5 faoi Infheistíocht 6 (Infheistíocht sa Chóras Maoine Tionsclaíche); M1C2-15 faoi Infheistíocht 2 (Nuálaíocht agus teicneolaíocht na micrileictreonaice) faoi Misean 1, Comhchuid 2; M1C3-1 agus M1C3-2 faoi Infheistíocht 1.1 (Straitéis Dhigiteach agus Ardáin Dhigiteacha don Oidhreacht Chultúrtha); M1C3-3 faoi Infheistíocht 1.2 (Deireadh a chur le bacainní fisiceacha agus cognaíocha i músaeim, leabharlanna agus cartlanna chun go mbeidh rochtain níos leithne ar an gcultúr agus rannpháirtíocht níos leithne ann); M1C3-5 faoi Infheistíocht 1.3 (Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bpictiúrlanna, in amharclanna agus i músaeim); M1C3-21 faoi Infheistíocht 3.2 (Forbairt thionscal na scannán (tionscadal Cinecittà)); M1C3-36 faoi Infheistíocht 4.3 (Caput Mundi Next Generation EU le haghaidh imeachtaí turasóireachta den scoth) faoi Mhisean 1, Comhchuid 3; M2C1-16 faoi Athchóiriú 1.2 (An Clár Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola); M2C1-17nonies faoi Athchóiriú 1.1 (An Clár Náisiúnta don Gheilleagar Ciorclach);

M2C1-19 faoi Infheistíocht 3.1 (Oileáin ghlasa); M2C1-21 faoi Infheistíocht 3.2 (Pobail Ghlasa); an tuairisc ar an mbeart faoi Infheistíocht 5.4 (Instealladh cothromais sa Chiste um Aistriú Glas arna bhainistiú ag CDP Venture Capital SGR) faoi Mhisean 2, Comhchuid 1; M2C2-19 faoi Infheistíocht 3.5 (Taighde agus Forbairt Hidrigine); M2C2-49 faoi Infheistíocht 3.1 (hidrigin a thairgeadh ar láithreáin athfhorbraíochta (Gleannta Hidrigine)) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2; M2C3-3 faoi Infheistíocht 2.1 (Ecobonus a neartú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh); M2C3-6 faoi Infheistíocht 1.1 (Scoileanna nua a thógáil trí athsholáthar foirgneamh); M2C3-8 faoi Infheistíocht 1.2 (Tógáil foirgneamh, sócmhainní réadmhaoin phoiblí a athcháiliú agus a neartú a úsáideann riar an cheartais go páirteach nó go hiomlán) faoi Mhisean 2, Comhchuid 3; M2C4-6bis faoi Infheistíocht 3.2 (Digitíú páirceanna náisiúnta); M2C4-9 faoi Infheistíocht 1.1 (Cur chun feidhme ardhórais chomhtháite faireacháin agus réamhaisnéise); M2C4-20bis faoi Infheistíocht 3.1 (Foraoisí uirbeacha agus peirea-uirbeacha a chosaint agus a fheabhsú); M2C4-23 faoi Infheistíocht 3.3 (Athnádúró limistéar Po); M2C4-25 faoi Infheistíocht 3.4 (Ithir ó shuíomhanna dílleachtacha a fheabhsú); M2C4-26 faoi Infheistíocht 3.5 (Grinneall na farraige agus gnáthóga mara a athbhunú agus a chosaint); M2C4-34bis agus M2C4-35bis faoi Infheistíocht 4.3 (Infheistíochtaí in athléimneacht an agraichórais uisciúcháin chun acmhainní uisce a bhainistiú ar bhealach níos fearr); M5C1-M2C4-37 agus M2C4-38 faoi Infheistíocht 4.4 (Infheistíochtaí i séarachas agus íonúchán) faoi Mhisean 2, Comhchuid 4; M3C1-5 agus M3C1-6 faoi Infheistíocht 1.1 (Naisc iarnróid ardluais ó Dheas le haghaidh paisinéirí agus last-táille); M3C1-9 faoi infheistíocht 1.2 (Línte ardluais lena nasctar Tuaisceart na hIodáile leis an gcuid eile den Eoraip);

M3C1-11 faoi Infheistíocht 1.3 (Naisc thrasnánacha); M3C1-13 agus M3C1-14 faoi Infheistíocht 1.4 (An Córas Eorpach um Bainistiú Iompair ar Iarnród (ERTMS) a thabhairt isteach); M3C1-20 faoi Infheistíocht 1.8 (Stáisiúin iarnróid a uasghrádú (Bainistíocht Rete Ferroviaria Italiana (RFI); sa Deisceart)); M3C2-6 faoi Infheistíocht 2.2 (Tarraingteacht bailte beaga stairiúla); M3C2-12 faoi Infheistíocht 2.3 (Bainistíocht aerthráchta a dhigitiú) faoi Mhisean 3, Comhchuid 2; M4C1-7 agus M4C1-25 faoi Infheistíocht 1.4 (Idirghabháil urghnách arb é is aidhm di bearnaí críocha a laghdú i dtimthrialla I agus II den mheánoideachas agus aghaidh a thabhairt ar luathfhágáil scoile); M4C1-13 faoi Infheistíocht 2.1 (Teagasc agus oiliúint dhigiteach chomhtháite maidir leis an gclaochlú digiteach do bhailt foirne scoileanna); M4C1-14ter faoi Athchóiriú 2.1 (Earcaíocht múinteoirí); M4C1-16 agus M4C1-17 faoi Infheistíocht 3.1 (Scileanna nua agus teangacha nua); M4C1-20 agus M4C1-20bis faoi Infheistíocht 1.5 (An córas gairmoiliúna treasaí a fhorbairt); M4C1-22 faoi Infheistíocht 1.3 (Plean um Feabhsú Bonneagair Spóirt Scoileanna); M4C1-23 agus M4C1-23bis faoi Infheistíocht 3.4 (Scileanna teagaisc agus ardscoileanna ollscoile); M4C1-24 faoi Infheistíocht 1.6 (Treoir ghníomhach san aistriú idir scoil agus ollscoil) faoi Mhisean 4, Comhchuid 1; M4C2-1bis faoi Infheistíocht 1.2 (Tionscadail a chuireann taighdeoirí óga i láthair a mhaoiniú); M4C2-2bis faoi Infheistíocht 2.2bis (Comhaontuithe Nuálaíochta); M4C2-6 agus M4C2-7 faoi Infheistíocht 1.1 (Tionscadail Taighde ar Díol Mór Spéise iad go Náisiúnta (PRIN)); M4C2-8 faoi Infheistíocht 1.3 (Comhpháirtíochtaí a chumhdaíonn ollscoileanna, ionaid taighde, cuideachtaí agus cistiú tionscadal bunúsach taighde); M4C2-9 faoi Infheistíocht 1.4 (Struchtúir thaighde a neartú agus tacú le cruthú ‘ceannairí náisiúnta T&F’ maidir le roinnt Eochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin); M4C2-16bis faoi Infheistíocht 3.1 (Ciste chun córas comhtháite bonneagar taighde agus nuálaíochta a thógáil); M4C2-18bis faoi Infheistíocht 1.5 (‘Éiceachórais nuálaíochta le haghaidh inbhuanaitheachta’ a bhunú agus a neartú, ‘ceannairí críocha taighde agus forbartha’ a thógáil);

M4C2-22 faoi Infheistíocht 2.1 (IPCEI); an tuairisc ar an mbeart faoi Infheistíocht 3.2 (Instealladh cothromais sa Chiste um Aistriú Glas arna bhainistiú ag CDP Venture Capital SGR) faoi Mhisean 4, Comhchuid 2; M5C1-14 faoi Infheistíocht 2 (Córas deimhniúcháin um chomhionannas inscne) faoi Mhisean 5, Comhchuid 1; M5C2-12 faoi Infheistíocht 4 (Infheistíochtaí i dtionscadail athghiniúna uirbí, arb é is aidhm dóibh cásanna imeallaithe agus díghrádaithe shóisialta a laghdú); M5C2-22 faoi Infheistíocht 7 (An tionscadal um Spórt agus Cuimsiú Sóisialta) faoi Mhisean 5, Comhchuid 2; M5C3-4 faoi Infheistíocht 1.1.2 (Saoráidí sláinte na gaireachta); M5C3-9 faoi Infheistíocht 1.3 (Idirghabhálacha sochoideachasúla struchtúrtha chun an bhochtaineacht oideachais a chomhrac i nDeisceart na hIodáile agus tacaíocht a thabhairt don Tríú hEarnáil) faoi Mhisean 5, Comhchuid 3; M6C1-3 faoi Infheistíocht 1.1 (Tithe Pobail Sláinte chun cúnamh sláinte chríochach a fheabhsú); M6C1-11 faoi Infheistíocht 1.3 (Cúram Sláinte Idirmheánach agus a shaoráidí a neartú (Ospidéal Phobail) faoi Mhisean 6, Comhchuid 1; M6C2-2 agus M6C2-3 faoi Infheistíocht 2.1 (Taighde bithleighis an Chórais Sláinte Náisiúnta a neartú agus a fheabhsú); M6C2-6, M6C2-8, agus M6C2-9 faoi Infheistíocht 1.1 (Nuashonrú digiteach threalamh teicneolaíoch na n-ospidéal); M6C2-10 agus M6C2-10bis faoi Infheistíocht 1.2 (I dtreo ospidéal sábháilte agus inbhuanaithe); M6C2-11, M6C2-12, agus M6C2-13 faoi Infheistíocht 1.3 (An bonneagair teicneolaíochta agus na huirlisí chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil, a anailísiú agus a ionsamhlú) faoi Mhisean 6, Comhchuid 2; M7-2 agus M7-3 faoin Infheistíocht 1 (Nósanna imeachta ceadúnúcháin a chuíchóiriú le haghaidh fuinneamh in-athnuaite); M7-5 faoi Athchóiriú 2 (Fóirdheontais atá Díobhálach don Chomhshaol a Laghdú); M7-6 faoi Athchóiriú 3 (Na costais a bhaineann le nascadh leis an líonra gáis bithmheatáin a laghdú);

M7-10 faoi Athchóiriú 5 (Plean le haghaidh Scileanna nua – Aistrithe); M7-11 faoi Infheistíocht 1 (Beart méadaithe: Eangacha cliste a neartú); M7-12 faoi Infheistíocht 2 (Beart méadaithe: Idirghabhálacha chun athléimneacht na heangaí cumhachta a mhéadú); M7-13 faoi Infheistíocht 3 (Beart méadaithe: Hidrigin a thairgeadh ar láithreáin athfhorbraíochta (Gleannta Hidrigine)); M7-15 faoi Infheistíocht 4 (Nasc Tyrrenian); M7-17 faoi Infheistíocht 5 (SA.CO.I 3); M7-22, M7-23, agus M7-24 faoi Infheistíocht 7 (Eangach Tarchurtha Náisiúnta Chliste); M7-25, M7-26, M7-27, agus M7-28 faoi Infheistíocht 8 (Soláthar inbhuanaithe, ciorclach agus slán Amhábhar Criticiúil); M7-30 faoi Infheistíocht 10 (Treoirthionscadal maidir le scileanna ‘Crescere Green’); M7-37 faoi Infheistíocht 13 (Céim 1 Líne Aidriad (stáisiún comhbhrúiteora Sulmona agus píblíne gáis Sestino-Minerbio gas)); M7-39 d’Infheistíocht 14 (Bonneagar onnmhairiúcháin gáis trasteorann); agus an tuairisc ar an mbeart faoi Infheistíocht 17 (Ionstraim airgeadais le haghaidh athchóirithe fuinnimh ar thithíocht chónaithe phoiblí) faoi Mhisean 7. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (10) Tá iarrtha ag an Iodáil go mbainfí deich mbeart de bharr imthosca oibiachtúla. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: M2C1-17bis, M2C1-17ter, M2C1-17quater, M2C1-17quinquies, M2C1-17sexies, M2C1-17septies, M2C1-17octies faoi Infheistíocht 1.2 (Tionscadail ‘shuaitheanta’ an gheilleagair chiorclaigh) faoi Mhisean 2, Comhchuid 1; M2C2-15 faoi Infheistíocht 3.3 (Tástáil hidrigine le haghaidh iompar de bhóthar); M2C2-51 faoi Infheistíocht 3.2, (Úsáid na hidrigine i dtionscal is deacair a dhícharbónú), faoi Mhisean 2, Comhchuid 2; M3C1-16 faoi Infheistíocht 1.5 (Nóid mheitreapholaiteacha, línte iarnróid idir-réigiúnacha agus réigiúnacha a neartú); M3C1-18 faoi Infheistíocht 1.6 (Línte réigiúnacha a neartú – Iarnróid réigiúnacha a uasghrádú (bainistíocht Rete Ferroviaria Italiana); M3C1-17 faoi Infheistíocht 1.7 - Uasghrádú, leictriú agus athléimneacht na n-iarnród i nDeisceart na hIodáile; M3C1-23 agus M3C1-24 faoi Infheistíocht 1.9 (Naisc idir-réigiúnacha) faoi Mhisean 3, Comhchuid 1; M7-18, M7-19, M7-20, agus M7-21 faoi Infheistíocht 6 (Tionscadail idirnasctha leictreachais trasteorann idir an Iodáil agus tíortha comharsanacha) faoi Mhisean 7; M7-29 faoi Infheistíocht 9 (Beart méadaithe: cúnaimh teicniúil a sholáthar agus fothú acmhainneachta a neartú le haghaidh chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile) agus M7-33 agus M7-34 faoi Infheistíocht 12 (Ionstraim Airgeadais chun ceannaireacht idirnáisiúnta, thionsclaíoch agus T & F a fhorbairt i mbusanna astaíochtaí nialasacha) faoi Mhisean 7. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir .

- (11) Tar éis bearta a bhaint agus leibhéal cur chun feidhme beart a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an Iodáil úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí na bearta a bhaint agus tríd an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go ndéanfaí 10 mbeart nua a chur isteach. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: M1C2-30 agus M1C2-31 faoi Infheistíocht 7 (Ciste um Nascthacht Náisiúnta); M1C2-32 agus M1C2-33 faoi Infheistíocht 8 (Urrann an Bhallstáit InvestEU); M1C2-34 faoi Infheistíocht 9 (Beart méadaithe: Aistriú 4.0) faoi Mhisean 1, Comhchuid 2; M2C1-26 agus M2C1-27 faoi Infheistíocht 4 (Saoráid Páirce Agra-ghréine) faoi Mhisean 2, Comhchuid 1; M2C4-39 agus M2C4-40 faoi Infheistíocht 4.5 (Scéim deontais le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar uisce) faoi Mhisean 2, Comhchuid 4; M3C1-28 faoi Infheistíocht 1.10 (Nóid mheitreapholaiteacha, línte iarnróid idir-réigiúnacha agus réigiúnacha a neartú) faoi Mhisean 3, Comhchuid 1; M4C1-31 agus M4C1-32 faoi Infheistíocht 5 (Ciste um thithíocht do mhic léinn) faoi Mhisean 4, Comhchuid 1; M4C2-4bis faoi Athchóiriú 1.2 (Plean trí bliana chun gníomhaíochtaí taighde a mhaoiniú) faoi Mhisean 4, Comhchuid 2; M5C3-14 faoi Infheistíocht 1.5 (Scéim Chreidmheasa Cánach le haghaidh Infheistíochtaí i nDeisceart na hIodáile agus sa Limistéar Eacnamaíoch Speisialta (SEZ)) faoi Mhisean 5, Comhchuid 3; agus M7-50 faoi Infheistíocht 18 (Beart méadaithe: An clár chun na flíteanna feithiclí príobháideacha agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma a athnuachan le feithiclí leictreacha) faoi Mhisean 7. Thairis sin, d'iarr an Iodáil leibhéal cur chun feidhme 7 mbeart a mhéadú. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: M2C1-16quater faoi Infheistíocht 1.1 (Monarchana nua bainistithe dramhaíola a chur chun feidhme agus monarchana atá ann cheana a nuachóiriú agus tionscadail shuaitheanta maidir leis an ngeilleagar ciorclach); M2C1-9 faoi Infheistíocht 2.2 (Páirc Agra-ghréine);

M2C1-23 agus M2C1-24 faoi Infheistíocht 3.4 (Fondo Rotativo Contratti di Filiera (FCF) chun tacú le conarthaí slabhra soláthair don earnáil agrairbhia, don earnáil iascaireachta agus do bharshaothraithe, d'earnáil na foraoiseachta, d'earnáil na bláthadóireachta agus d'earnáil na bplandlann); M2C2-17 faoi Infheistíocht 3.4 (Tástáil hidrigine le haghaidh soghluaisteacht iarnróid); M2C2-40 faoi Infheistíocht 5.1 (Tacaíocht don chóras táirgthe don Aistriú Éiceolaíoch, Teicneolaíochtaí Glan-nialasacha, agus iomaíochas agus athléimneacht slabhraí soláthair straitéiseacha) faoi Mhisean 2; Comhchuid 2; M4C1-15bis faoi Infheistíocht 1.7 (Scoláireachtaí le haghaidh rochtain ar Ollscoil); M5C3-13 faoi Infheistíocht 1.4 (Infheistíochtaí bonneagair le haghaidh an Limistéir Eacnamaíoch Speisialta). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go méadófaí leibhéal cur chun feidhme 7 mbeart agus go gcuirfí 10 mbeart nua leis. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

### ***Dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna***

- (12) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Iodáil i láthair a chur san áireamh.

### ***Measúnú ón gCoimisiún***

- (13) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (14) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Iodáil chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

### ***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

- (15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.
- (16) Na leasuithe a bhaineann le hInfheistíocht 6 (Tionscadail idirnasctha leictreachais trasteorann idir an Iodáil agus tíortha comharsanacha), Infheistíocht 9 (Beart um méadú: cúnaimh teicniúil a sholáthar agus fothú acmhainneachta a neartú le haghaidh chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile), Infheistíocht 12 (Ionstraim Airgeadais chun ceannaireacht idirnáisiúnta, thionsclaíoch agus T&F a fhorbairt maidir le busanna astaíochtaí nialasacha), Infheistíocht 15 (Transizione 5.0), chomh maith le cur chun feidhme Infheistíocht 18 nua (Beart um méadú: Clár chun na flíteanna feithiclí príobháideacha agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma a athnuachan le feithiclí leictreacha), ní dhéanann siad aon difear do na buntáistí a eascróidh as cur chun feidhme na mbearta áirítear i gcaibidil REPowerEU, a mhéid a bhaineann le tacú, go háirithe, le cuspóirí Airteagal 21c(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

### ***Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo***

- (17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta mór (rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

- (18) Tá gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag 8 mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU na hIodáile, lena n-áirítear bonneagar leictreachais agus gáis trasteorann, agus infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar acmhainneacht na heangaí leictreachas nó gás a iompar ó thuaidh agus, dá bhrí sin, a bhfuil gné ilnáisiúnta ag baint leo. Le baint Infheistíocht 6 (Tionscadail idirnasctha leictreachais trasteorann idir an Iodáil agus tíortha comharsanacha) ní athraítear an measúnú a rinneadh roimhe seo ar an gcrítéar sin toisc go rannchuidíonn na bearta atá fágtha i gcaibidil REPowerEU a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta acu go mór le soláthar fuinnimh a áirithiú san Aontas ina iomláine, trí fheabhas a chur ar acmhainneacht na heangaí leictreachas nó gás a iompar chuig Ballstáit eile agus, dá bhrí sin, a bhfuil gné ilnáisiúnta ag baint leo.
- (19) Tar éis Infheistíocht 6 a bhaint de chaibidil REPowerEU agus na leasuithe eile ar chaibidil REPowerEU, is ionann costais mheasta na mbeart a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo agus EUR 1 863 200 000, arb ionann iad agus 25,8 % de chostais mheasta iomlána chaibidil REPowerEU. Cé gurb ionann costais mheasta na mbeart sin agus níos lú ná 30 % de chostais mheasta na mbeart uile a áirítear i gcaibidil REPowerEU, tugann bearta eile a áirítear i gcaibidil REPowerEU aghaidh fós ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3) de Rialachán (AE) 2021/241 trí rannchuidiú le dul i ngleic le spriocanna láithreacha agus fadtéarmacha na hIodáile maidir leis an aistriú fuinnimh, agus an tionchar ar éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú á uasmhéadú.

### ***Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

- (20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 37,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus 74,8 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.
- (21) Baineann na leasuithe ar an ranníocaíocht leis an aistriú glas leis an laghdú ar an leithdháileadh le haghaidh bearta áirithe i roinnt misin agus comhchodanna. Rinneadh an laghdú a fhritháireamh go páirteach le roinnt infheistíochtaí agus beart nua lena mbaineann leibhéal méadaithe cur chun feidhme. Bhain an laghdú lena mbaineann le hInfheistíocht 4.2 (Cistí le haghaidh iomaíochas na bhfiontar turasóireachta) faoi Mhisean 1, Comhchuid 3. An méadú ar Infheistíocht 1.1 (Monarchana nua bainistithe dramhaíola a chur chun feidhme agus monarchana atá ann cheana a nuachóiriú), Infheistíocht 3.4 (Fondo Rotativo Contratti di Filiera (FCF) chun tacú le conarthaí slabhra soláthair don earnáil agrairbhia, don earnáil iascaireachta agus do bharshaothraithe, d'earnáil na foraoiseachta, d'earnáil na bláthadóireachta agus d'earnáil na bplandlann), mar aon leis an méadú ar leithdháileadh Infheistíocht 2.2 (Páirc Agra-ghréine) agus cruthú Infheistíocht 4 (Saoráid Páirce Agra-ghréine) fritháiríodh go páirteach an laghdú ar Infheistíocht 1.2 (Tionscadail shuaitheanta an gheilleagair chiorclaigh), infheistíocht 2.1 (Plean lóistíochta do na hearnálacha agrairbhia, iascaireachta agus do bharshaothraithe, foraoiseachta, bláthadóireachta agus plandlainne plandaí) faoi Mhisean 2, Comhchuid 1.

Faoi Mhisean 2, Comhchuid 2, tháinig laghdú ar Infheistíocht 1.2 (Foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn do phobail fuinnimh agus d'fhéintomhaltóirí fuinnimh in-athnuaite a ghníomhaíonn go comhpháirteach), Infheistíocht 1.4 (Bithmheatán a fhorbairt, de réir na gcritéar chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn), Infheistíocht 4.1 (Infheistíocht sa tsoghluaisteacht bhog - Plean Náisiúnta Raon Rothar), Infheistíocht 4.2 (Mearchórais olliompair a fhorbairt), Infheistíocht 4.3 (Suiteáil bonneagar athluchtúcháin), infheistíocht 4.4.2 (An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnaigh a athnuachan le traenacha breoslaí glana agus seirbhís uilíoch), Infheistíocht 5.2 (Hidrigin), agus méadú ar Infheistíocht 3.4 (Tástáil hidrigine le haghaidh soghluaisteacht iarnróid) agus Infheistíochta 5.1 (Teicneolaíochtaí Glan-Nialasacha), chomh maith le hinfeistíocht nua 4.5 (Scéim deontais le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagair uisce); ar deireadh, cúitíodh an laghdú ar Infheistíocht 4.5 (An clár chun na flíteanna feithiclí príobháideacha agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma a athnuachan le feithiclí leictreacha) leis an méadú ar Infheistíocht 18 (Uas-scálú - Clár athnuachana flít feithiclí tráchtála príobháideacha agus éadroma le feithiclí leictreacha) faoi Mhisean 7. Faoi Mhisean 2, Comhchuid 3, tháinig laghdú ar Infheistíocht 3.1 (Téamh ceantair éifeachtúil a chur chun cinn), ach i Mhisean 2, Comhchuid 4, tháinig laghdú ar Infheistíocht 2.1 (Bearta chun riosca tuilte agus an riosca hidreolaíoch a laghdú) agus ar Infheistíocht 4.1 (Infheistíochtaí i bpríomhbhonneagair uisce ar mhaithe le slándáil an tsoláthair uisce).

Chuir Athchóiriú 1.3 (Borradh a chur faoi éifeachtúlacht an bhonneagair iarnróid san Iodáil) go mór lena uailmhian agus lena chlibeáil aeráide faoi Mhisean 3, Comhchuid 1. Chláraigh Infheistíocht 6 faoi Mhisean 5, Comhchuid 2 (An Clár Nuálaíochta um Cháilíocht Tithíochta) méadú ar a chlibeáil aeráide, agus bhí méadú ar leithdháileadh Infheistíocht 5.3 faoi Mhisean 5, Comhchuid 3 (Infheistíochtaí bonneagair le haghaidh an Limistéir Eacnamaíoch Speisialta). Ar deireadh, faoi Mhisean 7, tháinig laghdú ar an leithdháileadh le haghaidh Infheistíocht 11 (Uas-scálú: An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch) agus Infheistíocht 15 (Transizione 5.0), agus Infheistíocht 6 (Tionscadail idirnáisc leictreachais trasteorann idir an Iodáil agus tíortha comharsanachta), Infheistíocht 9 (Bearta uas-scálaithe: cúnaimh teicniúil a sholáthar agus fothú acmhainneachta a neartú le haghaidh chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile), agus rinneadh Infheistíocht 12 (Scéim Deontais chun ceannaireacht idirnáisiúnta, thionsclaíoch agus T&F a fhorbairt maidir le busanna leictreacha) a dhíchistiú.

- (22) Ar an iomlán, tá na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe fós ag cur go mór le haistriú glas na hIodáile. De thoradh na ndifríochtaí in ábhar clibeála aeráide an bhirt mhéadaithe agus na mbeart laghdaithe, tá glanlaghdú 2,4 pointe céatadán go 37,1 % ó 39,5 % ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc aeráide an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gceist leis na leasuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

## ***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

- (23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 26,5 % í de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin. Baineann an méadú ar leithdháileadh leis na bearta seo a leanas: M1C2 Infheistíocht 9 (Aistriú 4.0 — Uas-scálú); M2C1 Infheistíocht 3.4 (Fondo Rotativo Contratti di Filiera (FCF) chun tacú le conarthaí slabhra soláthair don earnáil agraibhia, don earnáil iascaireachta agus do bharshaothraithe, d'earnáil na foraoiseachta, d'earnáil na bláthadóireachta agus d'earnáil na bplandlann); M5C1 Infheistíocht 4 (Seirbhís Shibhialta Uilíoch); M1C2 Infheistíocht 7 (An Ciste Náisiúnta Nascachta) Baineann an laghdú ar leithdháileadh leis na bearta seo a leanas: M1C1 Infheistíocht 1.4 (Seirbhísí digiteacha agus taithí na saoránach); M1C2 Infheistíocht 3 (Naisc idirlín thapa (Ultra-leathanbanda agus 5G)); M2C1 Infheistíocht 2.1 (Plean lóistíochta don earnáil agraibhia, don earnáil iascaireachta agus do bharshaothraithe, d'earnáil na foraoiseachta, d'earnáil na bláthadóireachta agus d'earnáil na bplandlann); M2C1 Infheistíocht 2.3 (Nuálaíocht agus meicniú san earnáil talmhaíochta agus san earnáil bhia); M4C2 Infheistíocht 3.3 (Dámhachtain scoláireachtaí PhD i gcomhar le fiontair agus fostú taighdeoirí ag cuideachtaí a chur chun cinn); M5C1 Athchóiriú 1 (ALMPanna agus Gairmoiliúint); M5C2 Infheistíocht 2 (Patrúin neamhspleáchais do dhaoine faoi mhíchumas).

- (24) Ar an iomlán, tá na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe fós ag cur a thuilleadh le haistriú digiteach na hIodáile: de thoradh na ndifríochtaí in ábhar clibeála digítí an bhirt mhéadaithe agus na mbeart laghdaithe, tá glanmhéadú 1 pointe céatadán go 26,5 % ó 25,5 % ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc digiteach an phlean i gceist leis na leasuithe ar phlean na hIodáile. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

### ***Costáil***

- (25) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.
- (26) Tá méid an chostais iomláin mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le nádúr agus cineál na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá beartaithe. Dá bhrí sin, meastar gur réasúnta agus inchreidte iad na meastacháin chostais le haghaidh fhormhór na mbeart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe. Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag an Iodáil nach bhfuil méid na gcostas measta iomlán cuimsithe le maoiniú reatha nó beartaithe an Aontais. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta. Dá bhrí sin, tá údar le rátáil B i gcás an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

### *Aon chritéir mheasúnaithe eile*

- (27) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Iodáil chun cinn difear don mheasúnú dearfach maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (g), (h), (j) agus (k) de Rialachán (AE) 2021/241.

### ***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

- (28) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>8</sup>, mheas an Iodáil gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mheas an Iodáil, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le cur san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ós rud é go bhfuil an mheastóireacht ar chomhlíontacht na dtionscadal sin le Rialachán (AE) 2021/241 agus le rialacha maidir le státchabhair fós ar siúl.

---

<sup>8</sup> Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj>).

## *Measúnú dearfach*

- (29) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.
- (30) Ba cheart nár dhochar an Cinneadh seo do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a d'fhéadfaí a dhéanamh, go háirithe faoi Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ní ghabhann sé treis ar an gceanglas atá ar na Ballstáit na bearta a chur chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus, go háirithe, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Airteagal 108 den Chonradh.

### *Rannchuidiú airgeadais*

- (31) Is é EUR 194 435 381 164 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hIodáile. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Iodáil, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>9</sup> agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Rómáine, ba cheart gurb é EUR 71 779 623 788 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Iodáil.

### *Iasachtaí*

- (32) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Iodáil dar luach EUR 122 601 810 400.
- (33) Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

<sup>9</sup> Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj>.

### *Airteagal 1*

#### *Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hIodáile a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

### *Airteagal 2*

#### *Leasuithe*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile.

### *Airteagal 3*

#### *Seoláí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na hIodáile.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*